



An Bhruiséil, 14 Samhain 2018
(OR. en)

14197/18

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0217(COD)

AGRI 543
AGRIORG 101
AGRISTR 88
AGRIFIN 128
CODEC 1974
CADREFIN 345

NÓTA

ó: An Uachtaránacht

chuig: An Chomhairle

Uimh. an doic. ón 9634/18 + COR 1 + ADD 1
gCoim.:

Ábhar: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013
- *Tuarascáil ar dhul chun cinn*

I. RÉAMHRÁ

1. Tar éis don Choimisiún pacáiste tograí maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil do 2021-2027 a ghlacadh ar an 2 Bealtaine 2018, rinne an Coimisiún, ar an 1 Meitheamh 2018, mar chuid de roinnt tograí reachtacha earnála lena gcuirtear beartais Eorpacha chun feidhme, togra le haghaidh Rialachán a fhoilsiú maidir le CBT a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air (dá ngairtear Rialachán Cothrománach anseo feasta)¹.

¹ Doic. 9634/18

2. Is é atá an Rialachán Cothrománach nua atá beartaithe cuid de phacáiste trí thogra reachtacha maidir le talmhaíocht don tréimhse 2021-2027. Baineann an dá thogra eile leis an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT², lena gcuimsítear íocaíochtaí díreacha agus forbairt tuaithe agus lena mbunaítear rialacha i dtaca le tacaíocht do na Pleananna Straitéiseacha le dréachtú ag na Ballstáit faoi CBT. Is le Comheagrú na Margaí Talmhaíochta (CEM) a bhaineann an togra eile³.

II. AN STAID MAR ATÁ SA CHOMHAIRLE

3. Rinne Uachtaránacht na Bulgáire, i gcomhordú le hUachtaránacht na hOstaire agus le hUachtaránacht na Rómáine a bheidh ann amach anseo, scrúdú an Rialacháin Chothrománaigh atá molta, maille leis an ráiteas airgeadais reachtach, mar a thugtar air, a ghabhann leis na trí cinn de thograí CBT, a leithdháileadh ar an an Meitheal um Cheisteanna Airgeadais i dtaca leis an Talmhaíocht (dá ngairtear Meitheal AGRIFIN anseo feasta). Bíonn an Mheitheal um Cheisteanna Cothrománacha Talmhaíochta (dá ngairtear WP HAQ anseo feasta) ag plé leis an Rialachán atá beartaithe maidir le Pleananna Straitéiseacha CBT chomh maith leis an Measúnú Tionchair lena gcumhdaítear na trí thogra⁴ ach bíonn an Mheitheal um Tháirgí Talmhaíochta ag plé le Rialachán CMT atá beartaithe. Thairis sin, chuir an Coimisiún na trí thogra agus a Measúnú Tionchair i láthair don Choiste Speisialta um Thalmhaíocht (CST). Ar deireadh, déanann an Mheitheal ad hoc um CAI scrúdú ar na himpleachtaí airgeadais agus buiséadacha ag forálacha a bhaineann le CAI i dtograí reachtacha earnála, lena n-áirítear ó thaobh CBT de⁵.

² Leis an "Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT" (doic. 9645/18), aisghairfear na Rialachán maidir le híocaíochtaí díreacha (Rialachán 1307/2013) agus an Rialachán maidir le forbairt tuaithe (Rialachán 1305/2017), atá ann faoi láthair.

³ Doic. 9556/18

⁴ Doic. 9646/18

⁵ Rinneadh forálacha áirithe sa Rialachán Cothrománach atá molta a "chaitheamh isteach le chéile", rud a fhágann gur dhóichí go mbeidh na forálacha/na heilimintí sin ina gcuid den chaibidlíocht chothrománach ar CAI; mar sin féin, ní chuirfeadh sin bac ar AGRIFIN mionsonraí na bhforálacha sin a scrúdú. Féach doic. WK 8969/2018.

4. Pléadh an Rialachán Cothrománach atá molta den chéad uair in AGRIFIN ar an 8 Meitheamh, áit ar chuir an Coimisiún an ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis na trí cinn de thograí CBT⁶ i láthair. Rinneadh cur i láthair iomlán maidir le forálacha oibríochtúla an togra ag cruinniú AGRIFIN an 4 Iúil⁷ agus le linn na hócáide sin, leag Uachtaránacht na hOstaire a cur chuige amach⁸ i leith an togra a scrúdú ar bhonn 8 mbloc de shaincheisteanna idirghaolmhara lena gcuimsítear airteagail uile an togra cé is moite de na forálacha a bhaineann leis an gCóras Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe (CCRR, Airteagail 63-73) agus le pionóis maidir le coinníollacht (Airteagail 84-87), a ndéanann na saineolaithe freagracha scrúdú orthu sa WP HAQ.
5. Ó mhí Iúil i leith, bhí 7 gcrúinniú Mheitheal AGRIFIN ann, ar ar pléadh 8 mBloc uile na saincheisteanna idirghaolmhara. I ndiaidh gach cruinniú, iarradh ar na toscaireachtaí tuairimí i scríbhinn a thíolacadh i dtaca leis na saincheisteanna a pléadh. Chuir an Coimisiún aighneachtaí i scríbhinn ar fáil maidir leis na saincheisteanna a d'ardaigh na toscaireachtaí ina dtuairimí i scríbhinn⁹ mar aon le páipéir leathoifigiúla maidir le príomhshaincheisteanna sa togra¹⁰. Ar bhonn na dtuairimí a chualathas agus a fuarthas, chuir an Uachtaránacht an téacs a leagtar amach thíos le chéile, ina dtugtar achoimre ar na príomhbharúlacha, na príomhcheisteanna agus na chéad tuairimí a bhí ag na toscaireachtaí i ndáil le bloic éagsúla an togra a scrúdaíodh ag Meitheal AGRIFIN.
6. Tar éis Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 19-20 Samhain agus ag na cruinnithe de Mheitheal AGRIFIN a bheidh ar siúl ar an 21 Samhain agus an 4 Nollaig, tá sé ar intinn ag an Uachtaránacht, in éineacht leis na toscaireachtaí, tús a chur le sainaitheint na n-airteagal sin sa togra a measann an Chomhairle ar gá an téacs iontu a leasú, agus plé a dhéanamh ar an gcuma a bheadh ar na leasuithe sin, b'fhéidir.

⁶ Doic. cúlra WK 6815/2018 agus sleamhnáin ó chur i láthair WK 7012/2018 an Choimisiúin.

⁷ WK 8124/2018

⁸ WK 8106/2018 REV3

⁹ WK 8521/2018, WK 12629/2018, WK 12630/2018, WK 12631/2018, WK 13232/2018, WK 13689/2018.

¹⁰ WK 8875/2018, WK 11877/2018, WK 11881/2018, WK 12495/2018.

III. AN STAID MAR ATÁ I BPARLAIMINT NA HEORPA

7. Ar an 4 Iúil, cheap Coiste Pharlaimint na hEorpa um Talmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (COMAGRI) Ulrike Müller (ALDE, DE) ina rapóirtéir maidir leis an gcomhad maille le comhrapóirtéirí de gach ceann de na grúpaí polaitiúla eile. Bíonn PE ag plé leis na trí cinn de thograí CBT agus iad ina bpacáiste, *i.e.* cuirtear iad i láthair agus pléitear iad i gcomhlachtaí PE ag aon am amháin. Táthar ag súil go gcuirfidh Coistí PE um Buiséid, um Rialú Buiséadach agus um Fhorbairt Réigiúnach a gcuid tuairimí in iúl faoin Rialachán Cothrománach nua atá molta.
8. i dtaca leis an uainiú, cuirfear dréacht-tuarascáil¹¹ Rapóirtéir Müller i láthair COMAGRI ar an 21 Samhain agus, ar chur isteach tuilleadh leasuithe ag comhaltaí an Choiste, tá vótáil in COMAGRI beartaithe go sealadach don 18-19 Feabhra 2019. Níl cinneadh déanta ag PE go fóill cé acu an gcaithfidh sí vóta i suí iomlánach ar thuarascáil COMAGRI roimh dheireadh a téarma reachtach reatha¹², nuair a chuirtear san áireamh gur fiú má chaitear vóta i suí iomlánach faoi PE atá ann faoi láthair, féadfaidh PE nuathofa athmhachnamh a dhéanamh ar a céad seasamh, go háirithe i bhfianaise chaibidlíocht CAI.

IV. NA PRÍOMHEILIMINTÍ NUA SA TOGRA ATÁ BEARTAITHE

9. Mar an gcéanna leis an Rialachán Cothrománach atá i bhfeidhm faoi láthair (Rialachán 1306/2013), leagtar amach leis an tograna rialacha ginearálta maidir le bainistíocht airgeadais agus gnéithe buiséadacha dhá cholún CBT: an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT). Baineann an togra le ceartuithe airgeadais agus le rialuithe chomh maith le nósanna imeachta chun neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a cheartú agus chun cur i bhfeidhm pionós i réimse na talmhaíochta.

¹¹ Ar fáil ar:: <http://www.europarl.europa.eu/committees/ga/agri/draft-reports.html>

¹² Siltear go forleathan gurb é seisiún iomlánach PE an 25-28 Márta 2019 an deis dheireanach a bheidh ann le haghaidh vótaí i suí iomlánach ar chomhaid reachtacha agus seisiún an 15-18 Aibreán á mheas mar an rogha dheireanach ar fad roimh na toghcháin Eorpacha a bheidh ar siúl ar an 23-26 Bealtaine.

10. Tugtar isteach roinnt eilimintí nua leis an togra seo ar measadh gá a bheith leo chun an Rialachán Cothrománach a chur in oiriúint don tsamhail nua seachadta¹³ agus do Phleananna Straitéiseacha CBT¹⁴, ar cheart dóibh breis solúbthachta i ndáil le cur chun feidhme beartas CBT a thabhairt do na Ballstáit i gcomhréir lena gcuid riachtanas áitiúil, ualach maorlathais níos lú a chur ar na tairbhithe agus an bhéim atá ar dhearbhu na dlíthiúlachta agus na rialtachta a bhaineann leis na hidirbhearta a aistriú chuig dearbhu na feidhmíochta agus chuig an urraim do bhuncheanglais an Aontais Eorpaigh (e.g. CCRR, coinníollacht, feirmeoir dearbhaithe, ceanglais na hEagraíochta Domhanda Trádála, soláthar poiblí) agus chuig na comhlachtaí rialachais (gníomhaireachtaí íocaíochta, comhlachtaí comhordaithe, údarais inniúla, agus comhlachtaí deimhniúcháin).
11. Maidir leis an Rialachán atá beartaithe:
- a) déantar forálacha a ailíniú leis maidir leis na prionsabail ghinearálta a bhaineann le seiceálacha agus pionóis, seiceálacha coinníollachta agus IACS i ndáil le cur chuige na samhla nua seachadta. Le córas nua coinníollachta nascfar tacaíocht ioncaim na bhfeirmeoirí go léir agus íocaíochtaí eile limistéar-bhunaithe agus ainmhí-bhunaithe le cur i bhfeidhm cleachtas feirmeoireachta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus don aeráid;
 - b) bunófar cúlchiste talmhaíochta ilbhliantúil nua leis ar fiú EURO 400 milliún *ar a laghad* é in CERT chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil don earnáil talmhaíochta, *i.e.* bearta slándála i gcomhthéacs bhainistiú an mhargaidh agus chobhsú an mhargaidh agus/nó i gcás géarchéimeanna a imríonn drochthionchar ar tháirgeacht talmhaíochta nó ar dháileadh talmhaíochta. Líonfar an cúlchiste trí chúlchiste géarchéime 2020 ó CBT/CAI atá ann faoi láthair a thar-rolladh go 2021. Ina dhiaidh sin, déanfar gach ciste gan úsáid ón gcúlchiste talmhaíochta a thar-rolladh in áit an airgid a leithdháileadh ar na Ballstáit agus ar na tairbhithe deireanacha;

¹³ Ba cheart go dtarlódh aistriú bunúsach leis an tsamhail nua seachadta in CBT, ag imeacht ó chomhlíonadh na rialacha mionsonraithe ar leibhéal an Aontais chuig béim níos mó a leagan ar thorthaí a bhaint amach i ndáil le cuspóirí comhchoiteanna an bheartais, arna sainathint agus arna gcomhaontú ar leibhéal an Aontais.

¹⁴ Ullmhóidh gach Ballstát Pleananna Straitéiseacha CBT agus ba cheart go gcumhdófaí leo na hidirghabhálacha atá beartaithe faoin dá cheann de cholúin CBT ionas go mbainfí amach spriocanna cainníochtaithe (bunaithe ar na táscairí toraidh a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais) a bheadh bainteach le cuspóirí CBT ar leibhéal an Aontais.

- c) leagtar síos leis rialacha maidir le hairgeadas, córais bhainistíochta agus rialaithe, i dtaca leis na próisis le haghaidh imréitigh airgeadais bhliantúil agus imréitigh feidhmíochta bhliantúil mar aon le nós imeachta an chomhlíonta. Baineann an t-imréiteach feidhmíochta bhliantúil le hincháilitheacht an chaiteachais agus déanfar an méid a leanas leis: tuairisciú na n-aschur a athbhreithniú; tuairim an Chomhlachta Deimhniúcháin a sheiceáil maidir le hiontaofacht an tuairiscithe feidhmíochta agus cinneadh a dhéanamh an bhfuil an caiteachas ag teacht leis na haschuir ghaolmhara thuairiscithe. I gcás nach bhfuil an caiteachas dearbhaithe ag teacht leis na haschuir thuairiscithe agus nach féidir bonn cirt a léiriú ina leith, beidh feidhm ag sásra um íocaíochtaí a laghdú. I gcásanna ina sainaithnítear easnaimh sa struchtúr rialachais, féadfar íocaíochtaí a chur ar fionraí agus de rogha dheireanach, sásra um imréiteach comhréireachta a chur i bhfeidhm;
- d) d'fhágfadh sin go mbeadh laghdú ar líon na ngníomhaireachtaí íocaíochta(ceann amháin in aghaidh na tíre nó an réigiúin chun caiteachas CERT agus caiteachas CETFT a bhainistiú) agus neartófaí ról an chomhlachta comhordúcháin agus ról na gcomhlachtaí deimhniúcháin agus thabharfaí isteach cur chuige na hiniúcháireachta aonair: Ba cheart go dtabharfadh na Comhlachtaí Deimhniúcháin an dearbhú is gá go bhfuil struchtúir rialachais i bhfeidhm, gur urramaíodh rialacha an Aontais ar leibhéal na mBallstát agus go bhfuil na córais tuairiscithe iontaofa. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar obair na gComhlachtaí Deimhniúcháin. Athróidh béim iniúcháireachtaí an Choimisiúin ó chomhlíonadh na rialacha ar leibhéal an tairbhí a sheiceáil go measúnú a dhéanamh ar sheachadadh na n-aschur agus na struchtúir rialachais is gá i bhfeidhm agus ba cheart gurbh é an toradh a bheadh air sin laghdú ar na hiniúcháireachtaí a bheadh le déanamh ag an gCoimisiún;
- e) féachann sé le tuilleadh optamaithe a dhéanamh ar na teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus le comhroinnt sonraí níos fearr a dhéanamh i gcomhthéacs bhainistiú airgeadais agus rialuithe CBT trí ról na gclár satailíte ar nós Galileo agus Copernicus a mhéadú agus trí fhoráil a dhéanamh ar fheidhmeanna geo-spásúla san fhaireachán i rialuithe feirme. Ba cheart go ndéanfaí leis sin faireachán a fheabhsú, nósanna imeachta a shimpliú, earráidí a laghdú agus an líon seiceálacha ar an bhfeirm a laghdú;

- f) déantar foráil leis ar ionstraimí airgeadais a úsáid chun rochtain ar chaipiteal oibre a éascú le cuidiú le feirmeoirí fadhb shealadach sreabhaidh airgid a d'eascair as géarchéim gan choinne a sháru; agus
 - g) ceadáítear do na Ballstáit in ann a gcóras rialaithe agus pionóis féin a cheapadh leis, lena n-áirítear cinntí a dhéanamh faoi na modhanna rialaithe agus na leibhéil, na cineálacha smachtbhannaí, etc. agus ceadófar do na Ballstáit freisin imeacht ó chóras na dteidlíochtaí íocaíochta, a d'fhéadfadh a bheith ina fhoinse thábhachtach laghdaithe ar an ualach riaracháin.
12. Tá curtha i dtoll a chéile ag an Uachtaránacht, faoina fhreagracht amháin, achoimre ar scrúdú teicniúil an togra a cuireadh i gcrích sa Mheitheal um Cheisteanna Airgeadais i dtaca leis an Talmhaíocht (féach thíos). Is léiriú ginearálta í an achoimre seo ar na príomhbharúlacha, na príomhcheisteanna agus na chéad tuairimí a bhí ag na toscaireachtaí maidir leis an Rialachán atá beartaithe a luaitear thuas.

Na príomhbharúlacha, na príomhcheisteanna agus na chéad tuairimí a bhí ag na toscaireachtaí

BLOC (1): raon feidhme agus sainmhínithe (Airteagail. 1-3); forálacha ginearálta maidir le cistí talmhaíochta (Airteagail 4-7)

1. Cé go dtugtar isteach mion-athruithe ar an **raon feidhme, sainmhínithe agus díolúintí i gcásanna *force majeure*** (Airteagail 1-3), tá soiléiriú sa bhreis á lorg ag na toscaireachtaí maidir le cad go díreach a bheadh cumhdaithe leis na téarmaí nua '*córais rialachais*' agus, go háirithe, '*buncheanglais an Aontais*' (e.g. CCRR, coinníollacht, fíorfheirmeoir, ceanglais na hEagraíochta Domhanda Trádála, soláthar poiblí), etc.). Creideann siad gur cheart '*buncheanglais an Aontais*' a shonrú a thuilleadh toisc gur gá do na Gníomhaireachtaí Íocaíochta agus do na Comhlachtaí Deimhniúcháin a bheith cruinn ó thaobh na rialacha de. Tá cuid de na toscaireachtaí ag iarraidh go síneofaí an choimhdeacht agus raon feidhme na samhla seachadta nua atá beartaithe.
2. Is oth leis na toscaireachtaí gur baineadh dhá chás ***force majeure*** den togra nua ('*bás an tairbhi*' agus '*éagumas fadtéarmach gairmiúil*'), cé go n-aithníonn siad go bhfuil an liosta (in Airt. 3) neamh-uileghabhálach agus tá cead ag na Ballstáit cásanna a chur leis. Is mian le cuid de na toscaireachtaí go scriosfar an liosta ar fad, agus mar sin, na cinntí a bhaineann le *force majeure* a fhágáil faoi na Ballstáit, ach ba mhaith le cuid eile acu liosta níos cuimsithí (cosúil leis an gceann atá sa Rialachán reatha).

3. Cé go dtugtar isteach mion-athruithe ar na forálacha a bhaineann leis **na cistí lena maoinítear caiteachas talmhaíochta, caiteachas CERT agus CETFT agus caiteachas eile, lena n-áirítear cúnamh teicniúil** (Airt. 4-6), tá ceisteanna ag na toscaireachtaí faoi na hidirghabhálacha nua eárnála a leagtar amach sa Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha CBT (Airt. 5(2)(b)) agus faoi na bearta sonracha maidir le talmhaíocht sna réigiún is forimeallaí agus na hoileáin Aeigéacha is lú (Art. 5(2)(e)). Thug na toscaireachtaí an míniú ón gCoimisiún dá n-aire gur cheart do CETFT leanúint de bheith ag maoiniú cúnamh teicniúil sa bhainistíocht chomhpháirteach (Airt. 6). Maidir leis na cineálacha éagsúla chaiteachas CBT (Airt. 7), tá ceisteanna áirithe ardaithe ag na toscaireachtaí i dtaca le Cúnamh Teicniúil, a mhaoinítear de thionscnamh, agus a bhainistítear go díreach, ag an gCoimisiún, lena n-áirítear staidéir, faireachán, malartú faisnéise, suirbhéanna, teicneolaíocht agus córais faisnéise, íomhánna satailíte a fháil (sna bunachair sonraí amach anseo), iniúchadh, etc., agus faoi conas a bhainfeadh sin le Cúnamh Teicniúil de thionscnamh an Bhallstáit a bheadh i gceist, nach féidir é a mhaoiniú ach faoi CETFT (Airteagail 112 & 86(3) den Rialachán atá beartaithe maidir le Pleananna Straitéiseacha CBT agus is féidir é a úsáid leis an bPlean ina iomláine a chur chun feidhme. Tá cuid toscaireachtaí den tuairim maidir le Cúnamh Teicniúil faoi CERT gur cheart go gceadófaí don Bhallstát an caiteachas a mhaoiniú i gcás ina bhfuil gá le cúnamh coiteann ón Aontas. Chuir an Coimisiún páipéir leathoifigiúil ar fáil i dtaca leis an tsaincheist sin¹⁵.

¹⁵ WK 11881/2018

4. Tá na toscaireachtaí comhaontaithe ó thaobh struchtúir rialachais de, ina bhfuil Gníomhaireachtaí Íocaíochta agus Comhlachtaí Comhordúcháin (Coor. B.), Comhlachtaí Deimhniúcháin agus an tÚdarás Inniúil (CA) (Airteagail 8-11) CBT, go gcoimeádtar iad, ach go bhfuil deacrachtaí ag cuid acu laghdú atá beartaithe i líon na gcomhaontuithe comhpháirtíochta, go háirithe i gcás ina gcuirtear isteach ar choinníollacha bunreachtúla sa Bhallstát lena mbaineann. Ina theannta sin, tá ceisteanna ag na toscaireachtaí faoi cé hiad na comhlachtaí sa '*chóras rialachais*' atá freagrach agus cad as a bhfuil siad freagrach, e.g. rólanna na gGníomhaireachtaí Íocaíochta, na gComhlachtaí Deimhniúcháin agus na nÚdarás Bainistíochta maidir leis an tuairisciú bliantúil ar fheidhmíocht agus an t-imréiteach feidhmíochta bhliantúil. Tá inní ar na toscaireachtaí go mbeadh gá le hacmhainní breise chun an athneartú atá beartaithe a dhéanamh ar rólanna Coor.B agus na gComhlachtaí Deimhniúcháin agus go n-eascródh ualach riaracháin breise as sin. Leagann roinnt toscaireachtaí béim ar a riachtanaí atá sé go n-urramófaí leis an struchtúr rialachais forálacha bunreachtúla gach Ballstáit (a admhaíodh in Aithris 9) agus go gceadófaí réitigh náisiúnta i gcás inár ghá, e.g. chun Comhlacht Deimhniúcháin a bhunú ar an leibhéal náisiúnta ag a mbeadh ról comhordúcháin.

5. Maidir leis an **Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht** a bheidh le cur ar fáil ag na Gníomhaireachtaí Íocaíochta (Art. 8(3) & (4)) tá soiléiriú á lorg ag na toscaireachtaí maidir le conas a bhaineann an t-airteagal seo le ról an Údaráis Bainistíochta (UB) Bainistíochta agus le ról an Choiste Faireacháin a shainmhínítear sa Rialachán maidir le Plean Straitéiseach CBT (Art. 110(2)). Tá neart ceisteanna ag na toscaireachtaí faoi ábhar, uainiú agus úsáid na Tuarascála Bliantúla ar Fheidhmíocht; i dtaca leis na táscairí toraidh leanúnacha, mhínigh an Coimisiún gur ghá an staid mar a bhí suas go dtí an 15 Deireadh Fómhair N-1 a thuairisciú sa Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht.
6. Chuir an Coimisiún páipéar leathoifigiúil ar fáil i dtaca le dréachtú agus tíolacadh na Tuarascála Bliantúla ar Fheidhmíocht¹⁶. Mar sin féin, tá ceisteanna ag na toscaireachtaí go fóill maidir le dréachtú Coor. B. den Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht, a mbeidh **dearbhu amháin bainistíochta lena gcumhdófar an tuarascáil iomlán sin** (Art. 8(4)) ag gabháil léi nuair a tharchuirfear í; meabhraíonn cuid toscaireachtaí nach bhfuil bunús dlí chuige sin sa Rialachán Airgeadais nua¹⁷. Mhínigh an Coimisiún nár cheart urramú na gcoinníollachtaí ag tairbhithe aonair a chur san áireamh san anailís ar chineál agus líon na n-earráidí agus na laigí a shainaithnítear sna córais rialachais, ar cheart aghaidh a thabhairt orthu sa dearbhú bainistíochta (Airt.8(3)(iii)).
7. Níl próiseas an **Imréitigh Feidhmíochta Bhliantúil** (APC) go hiomlán soiléir go fóill do na toscaireachtaí, e.g. i ndáil leis an ról a imreoidh na Comhlachtaí Deimhniúcháin ina leith, agus tá inní orthu go mbeidh ualach breise riaracháin ar an leibhéal náisiúnta ag baint leis an Imréiteach Feidhmíochta Bhliantúil. I dtaca leis an gcúram nua seo a bheidh ar na Gníomhaireachtaí Íocaíochta agus ar na Comhlachtaí Deimhniúcháin, tugann cuid de na toscaireachtaí aird air go mbeidh sé deacair cloí leis an spriodhata a leagtar amach sa Rialachán Airgeadais, arb é an 15 Feabhra den bhliain tar éis na bliana airgeadais lena mbaineann le haghaidh an Imréitigh Feidhmíochta Bhliantúil a tharchur.

¹⁶ WK 8875/2018

¹⁷ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 (féach: Airteagal 63 maidir le bainistíocht chomhpháirteach)

8. Maidir le **cur in iúl na faisnéise, rúndacht agus cumhachtaí cur chun feidhme** (Airteagail 88-90), tugann na toscaireachtaí dá n-aire go bhfuil na hairteagail sin cosúil leis na cinn chomhfhreagracha sa Rialachán atá ann faoi láthair agus aithníonn siad, i bhfianaise na samhla nua seachadta, go mbeidh gá le roinnt athruithe.

BLOC (3): bainistiú airgeadais CERT/smacht buiséadach, lena n-áirítear an cúlchiste talmhaíochta (Airteagail 12-17); bainistiú airgeadais CERT/maoiniú caiteachais (Airteagail 18-24); bearta faisnéise (Art. 44)

9. Maidir leis an **uasteorainn bhuiséadach** (Airt.12) **agus comhlíonadh na huasteorann** (Airt. 13) - tugann na toscaireachtaí dá n-aire go bhfuil na hairteagail sin cosúil leis na cinn chomhfhreagracha sa Rialachán atá ann faoi láthair.
10. I gcomhthéacs an **chúlchiste talmhaíochta** nua (Airt. 14), tá an méid EUR 400 milliún ar a laghad agus an córas tar-rollta tar éis a bheith curtha idir lúibíní agus pléifear iad i gcomhthéacs an CAI. Go ginearálta, tá na toscaireachtaí toilteanach an córas tar-rollta a phlé mar cheist simplithe i.e. na méideanna gan úsáid a thabhairt ar aghaidh in 2020 go dtí na blianta ina dhiaidh sin. Ach níl toscaireachtaí áirithe cinnte an leor an méid a cuireadh i leataobh le hióc as na géarchéimeanna san earnáil talmhaíochta, agus b'fhearr le toscaireachtaí eile an cúlchiste a líonadh arís le hioncam sannta seachas an méid gan úsáid ón gciste géarchéime ón mbliain 2020 a ghabháil, méid ba cheart a thabhairt ar ais do na tairbhíthe dar leo. Thug cuid de na toscaireachtaí faoi deara chomh maith dá sáróidh an gá le caiteachas mar thoradh ar Airteagal 14(1) an méid a cuireadh ar leataobh, go mba ghá an sásra smachta airgeadais a úsáid cuid mhór go fóill ansin agus go gcruthódh sé sin ualach riaracháin suntasach. Mar fhocal scoir, tá roinnt toscaireachtaí ag iarraidh tuilleadh ráthaíochta sa bhunghníomh nach n-úsáidfear an smacht airgeadais ach mar *rogha dheireanach*.

11. Maidir le **smacht airgeadais** (Airt. 15), tá an téacs ina ndéantar tagairt don fhéidearthacht atá ag Ballstát tairseach íosta a chur i bhfeidhm ar an méid a aisíocfar in aghaidh an tairbhí dheireanaigh i gcomhréir leis an gcuspóir agus critéir neamh-idirdhealaitheacha, tá sé curtha idir lúibíní. Mar sin féin, mheas roinnt toscaireachtaí go raibh gá le sainmhíniú soiléir ar *'critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha'*, ach tá an Coimisiún ag maíomh gur féidir leis na Ballstáit seo a shainmhíniú dóibh féin (coimhdeacht). Tá difríochtaí i dtuairimí na dtoscaireachtaí maidir le scrios na tairsí reatha EUR 2000,00 nach mbeadh smacht airgeadais ag baint le méideanna faoina bhun.
12. Tugann na toscaireachtaí dá n-aire maidir leis na forálacha sa togra le haghaidh an **nós imeachta maidir le smacht buiséadach** (Airt. 16) agus le haghaidh an **chórais luathrabhaidh agus faireacháin** (Airt. 17), go bhfuil siad an-chosúil leis na forálacha atá sa Rialachán reatha tugann siad dá n-aire freisin i dtaca leis na forálacha ar **íocaíochtaí míosúla** (Airt. 18), ar an **nós imeachta maidir le híocaíochtaí míosúla** (Airt. 19), ar **chostais riaracháin agus phearsanta** (Airt. 20), agus ar **chaiteachas idirghabhála poiblí** (Airt. 21) go bhfuil siad beagnach mar an gcéanna leis na cinn chomhfhreagracha sa Rialachán atá ann faoi láthair.
13. Maidir leis an **nós imeachta le haghaidh íocaíochtaí míosúla** (Airt. 19), is mian le toscaireachtaí áirithe an nós imeachta reatha Coiste a choimeád do na Ballstáit go léir ionas go mbeidh a fhios acu céard atá ag tarlú i mBallstát ar leith. Mhínigh an Coimisiún go bhfuil an nós imeachta Coiste le haghaidh sárú á choimeád.
14. Gné amháin atá ag teacht aníos sa phlé go rialta ná cé acu a bhaineann nó nach mbaineann an fhoráil maidir le **costais riaracháin agus pearsanra** (Airt. 20) le CT, ach ní hamhlaidh an scéal de réir an Choimisiúin, áfach; ní chumhdaítear CT ach faoin CETFT, ar thionscnamh an Choimisiúin (féach Airt. 68 & 112 den den Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT).
15. Maidir le **sonraí satailíte a fháil** (Airt. 22) agus **monatóireacht ar acmhainní talmhaíochta** (Airt. 23), níl tuiscint iomlán ag na toscaireachtaí go fóill ar an mbaint atá ag an airteagal seo le CCRR (Airt. 64), cé na híomhánna/sonraí a chuirfidh an Coimisiún ar fáil saor in aisce, céard go baileach ba cheart do na Ballstáit a dhéanamh lena leithéid d'íomhánna/sonraí agus na coinníollacha faoinar féidir leis an Coimisiún na sonraí a bhí aisghafa ón mBallstát a úsáid. Tá roinnt toscaireachtaí ag iarraidh a shoiléiriú chomh maith an leanfaidh an tAontas de mhaoiniú íomhánna satailíte a úsáideann na Ballstáit le haghaidh rialuithe ar an láthair. maidir leis seo, mhínigh an Coimisiún go bhfuil íomhánna satailíte mar chuid de shonraí satailíte.

16. Mar fhocal scoir, thug na toscaireachtaí dá n-aire nach bhfuil aon athrú ar an rialachán atá ann faoi láthair maidir le **bearta faisnéise** (Airt. 44)

BLOC (4): bainistíocht airgeadais an CETFT/forálacha ginearálta/maoiniú faoin CS CBT/idirghabhálacha forbartha tuaithe (Airt. 25-32)

17. Tugann na toscaireachtaí dá n-aire go bhfuil gá leis **na forálacha atá beartaithe a bhaineann leis na híocaíochtaí go léir** (Airt. 25), leis an **ranníocaíocht airgeadais ón CETFT** (Airt. 26), le **gealltanais buiséid** (Airt. 27) agus le **híocaíochtaí as idirghabhálacha forbartha tuaithe** (Airt. 28), tá gá leo chun an Rialachán Cothrománach a chur in oiriúint don Rialachán nua maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT.
18. Dúirt toscaireachtaí áirithe go bhfuil an **méid réamh-mhaoinithe** 1% atá **beartaithe** le haghaidh 2021-2023 ró-íseal agus gur mhaith le cuid acu méadú (go 5%) ar an méid (Airt. 29) a fheiceáil; D'aithin na toscaireachtaí, áfach, gur cheart díriú air seo (míreanna 1(a), (b) & (c)) sa chaibidlíocht ar an gcéad CAI eile.
19. Tá roinnt ceistanna teicniúla ag na toscaireachtaí maidir leis na forálacha nua a tugadh isteach i ndáil le **híocaíochtaí eatramhacha** (míreanna 3-5 & 10 dAirteagal 30), i gcás ionstraimí reachtúla mar shampla, nó i ndáil le ciall dhlíthiúil freagra *mhíshásúil* i gcomhthéacs an nóis imeachta le haghaidh sprioc-amanna íocaíochta.
20. Maidir leis an **saoradh uathoibríoch i gcás Pleananna Straitéiseacha CBT** (Airt. 32), is mian le roinnt toscaireachtaí an cleachtas reatha "N+3" a choimeád anseo, nó ba cheart solúbthacht áirithe a thairiscint do na Ballstáit i rith idirthréimhse ag tús an chéad chláthréimhse eile seachas an "N+2" ós rud go dtairgfídh sé seo cobhsaíocht áirithe do na Ballstáit i dtréimhse cur chun feidhme an CBT nua tar éis 2020. aithníonn na toscaireachtaí leis seo chomh maith gur cheart díriú ar mhír 4(a) den Airteagal seo sa chaibidlíocht ar an gcéad CAI eile.

BLOC (5): bainistíocht airgeadais na gCistí/na bhforálacha coiteanna, lena n-áirítear íocaíochtaí a chur ar fionraí (Airt. 33-42); úsáid an Euro agus tuairisciú (Airt. 91-95)

21. Níl aon athrú ar an bhforáil maidir leis an **mbliain airgeadais talmhaíochta** (Airt. 33) i gcomparáid leis an Rialachán atá ann faoi láthair.

22. Maidir le **maoiniú dúbailte** (Airt. 34), thug na toscaireachtaí dá n-aire gur cuireadh na téarmaí "CERT" agus "Cistí ESI" isteach sna hAirteagail ach nach bhfuil siad go huile is go iomlán cinnte faoin mbealach a n-athróidh cúrsaí i gcomparáid leis an gclártréimhse reatha e.g. conas is féidir maoiniú dúbailte a sheachaint, go háirithe i gcásanna go bhfuil tacaíocht á tabhairt ag an CETFT agus CERT sa Phlean Straitéiseach CBT céanna.
23. Tugadh isteach foráil maidir le **hincháilitheacht caiteachais a bhíonn tabhaithe ag PAnna** (Airt. 35) i gcomhréir leis an tsamhail nua seachadta agus leis an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT. Cé gur chuir na toscaireachtaí fáilte roimh an bhforáil go ginearálta, tá siad ag iarraidh soiléiriú a fháil, go háirithe i ndáil le míreanna (b) agus (c) maidir leis an aschur tuairiscithe comhfhreagrach agus coinníollacha cáilitheachta do thairbhíthe aonair atá leagtha síos sna Pleananna Straitéiseacha náisiúnta CBT. Maidir leis an gCoimisiún, mhínigh sé go leagfaidh Rialachán idirthréimhseach amach conas a d'oibreodh "seanrialacha/airgead úr" agus go leanfaidh na critéir cháilitheachta atá ann faoi láthair de bheith i bhfeidhm ar feadh na coda eile den chlártréimhse.
24. Thug na toscaireachtaí dá n-aire go bhfuil na forálacha beartaithe ar **chomhlíonadh sprioc-amanna íocaíochta** (Airt. 36) agus ar **íocaíochtaí míosúla agus eatramhacha a laghdú** (Airt. 37) mórán mar an gcéanna leis na cinn siúd sa Rialachán atá ann faoi láthair.
25. Tá buarthaí éagsúla ar na toscaireachtaí faoi na hairteagail is déanaí a beartaíodh maidir le **híocaíochtaí a chur ar fionraí maidir leis an imréiteach bliantúil, an faireachán feidhmíochta ilbhliantúil agus na córais rialaithe** (Airt. 38-40): go ginearálta, creideann toscaireachtaí áirithe gur cheart na rátaí fionraíochta a leagan amach sa bhunghníomh (agus ní i nGníomh Tarmlichte, mar a dhéantar i láthair na huaire), creideann daoine eile gur tréimhse róghearr é "30 lá" le freagra a thabhairt ar an gCoimisiún i ndáil le Gníomh Cur Chun Feidhme atá le teacht maidir le fionraíocht, agus d'iarr toscaireachtaí eile idirthréimhse gan fionraíocht nó mhol siad go scriosfaí Airt. 38-40 go hiomlán. Is eagal le toscaireachtaí áirithe go dtiocfadh méadú ar an ualach riaracháin dá n-iarraidh an Coimisiún ar Bhallstát na gníomhartha feabhsúcháin riachtanacha a chur chun feidhme i gcomhréir le "plean gníomhaíochta a bhfuil táscairí soiléire dul chun cinn" ag baint leis, agus tá toscaireachtaí eile ag iarraidh a fháil amach cén chaoi a mbaineann na pleananna gníomhaíochta seo leis na Gníomhartha Tarmlichte agus Cur Chun Feidhme féideartha maidir le cur ar fionraí. Chuir an Coimisiún páipéar leathoifigiúil ar fáil maidir le laghduithe, cur ar fionraí agus ceartúcháin deiridh¹⁸.

¹⁸ WK 11877/2018

26. Go sonrach, tugadh isteach an fhoráil nua maidir le **híocaíochtaí a chur ar fionraí maidir leis an imréiteach bliantúil** (Airt. 38) ar mhaithe leis an tsamhail seachadta nua CBT a chur san áireamh. Tá na toscaireachtaí buartha, áfach, go bhféadfadh cur ar fionraí íocaíochtaí tarlú cheana féin mura bhfaighidh an Coimisiún na doiciméid a iarradh in am ón mBallstát atá i gceist (Airt. 38(1)). Bhain buairt eile leis an imréiteach feidhmíochta bliantúil nua (Airt. 38(2) i gcomhar le hAirt. 52) trína bhféadfadh an Coimisiún íocaíochtaí le Ballstát a chur ar fionraí má tá difríocht de bhreis is 50% idir an caiteachas dearbhaithe agus an méid a chomhfhreagraíonn don aschur tuairiscithe ábhartha. Anuas air sin, tá sprioc-am ag na Ballstáit chun údar maith ar bith a sheoladh isteach taobh istigh de thréimhse 30 lá ar a laghad agus mura nglacann an Coimisiún leis an údar maith sin, d'fhéadfadh laghdú a bheith curtha i bhfeidhm (de réir Airt. 52). Tá roinnt toscaireachtaí den tuairim go bhfuil an rogha atá ag an gCoimisiún cinntí a dhéanamh ró-leathan, ós rud é nach bhfuil na critéir a bhfuil gá leo le haghaidh údar maith Ballstáit sonraithe in aon chor. Thug na toscaireachtaí dá n-aire go bhféadfadh sprioc-am 30 lá a bheith róghearr le haghaidh údar maith agus go bhféadfadh fíorthionchar a bheith ag an bhforáil seo ar bhuiséad an Bhallstáit atá i gceist. Dá réir sin, tá na toscaireachtaí ag iarraidh soiléiriú breise agus go mbeadh ar a laghad na critéir chun an fad a chinneadh agus an ráta fionraíochta íocaíochtaí sa bhunghníomh acu. Tá toscaireachtaí áirithe den tuairim gur cheart go mbeadh an nós imeachta comhréireachta (Airt. 53) curtha chun feidhme ar an Imréiteach Feidhmíochta Bliantúil chomh maith.
27. Maidir le **fionraíocht íocaíochtaí maidir leis an bhfaireachán feidhmíochta ilbhliantúil** (Airt. 39), thug na toscaireachtaí dá n-aire i gcás dul chun cinn neamhleor i dtreo na spriocanna, mar atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach CBT agus mar a dhéantar faireachán air i gcomhréir le hAirt. 115 & 116 den Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha CBT, iarrfaidh an Coimisiún "plean gníomhaíochta" ina bhfuil táscairí soiléire dul chun cinn a bhunófar i gcomhairle leis an gCoimisiún. Nuair a theipeann ar an mBallstát dul chun cinn a dhéanamh, iarrfaidh an Coimisiún plean gníomhaíochta ar an mBallstát. Má theipeann ar an mBallstát an plean gníomhaíochta a thíolacadh nó a chur chun feidhme, d'fhéadfaí íocaíochtaí an mhéid atá i gceist a chur ar fionraí, agus laghdú a dhéanamh air ag an deireadh. Agus critéir shoiléire in easnamh maidir le feidhmiú an chórais faireacháin feidhmíochta ilbhliantúil, is eagal leis na Ballstáit go bhféadfadh tionchar tromchúiseach airgeadais a bheith ag an bhforáil seo ar an mbuiséad náisiúnta, d'iarr cuid de na toscaireachtaí soiléiriú breise maidir leis an nós imeachta lena dtiocfar ar chomhaontú faoin bplean gníomhaíochta, fad an phlean sin san áireamh. Go ginearálta, tá roinnt toscaireachtaí ag ceapadh go mbeidh ualach riaracháin breise mar thoradh ar an airteagal beartaithe agus nach dtarlódh simpliú dá bharr.

28. Mar fhocal scoir, ba cheart dúinn a thabhairt dár n-aire go bhfuil an fhoráil iomlán atá beartaithe maidir le **híocaíochtaí a chur ar fionraí i ndáil le heasnamh sa chóras rialachais** (Airt. 40) faoi réir plé i gcomhthéacs na caibidlíochta CAI. Ba mhaith leis na toscaireachtaí soiléiriú sa bhreis a fháil faoin téarma "*easnamh thromchúiseacha* i bhfeidhmiú an chórais rialachais" ós rud é go bhfuil impleachtaí i gceist maidir le cur ar fionraí agus ceartú deiridh airgeadais.
29. Thug na toscaireachtaí dá n-aire nach ndearnadh ach athruithe beaga ar na forálacha a bhaineann le **cuntais ar leith a choinneáil** (Airt. 41), **íocaíochtaí le tairbhithe** (Airt. 42) agus **cumhachtaí an Choimisiúin** (Airt. 45). Ach i gcás réamhíocaíochtaí (Airt. 42(3)), tá toscaireachtaí áirithe ag maíomh gur cheart leanúint dá leithéid de réamhíocaíochtaí a úsáid chomh maith le haghaidh cláir eárnála, faoi mar is féidir a dhéanamh faoin Rialachán atá ann faoi láthair.
30. Thug siad dá n-aire go bhfuil an téacs beartaithe maidir le **húsáid an Euro** agus ar **thuaisciú** (Airt. 91-95) mórán mar an gcéanna leis an Rialachán atá ann faoi láthair.

BLOC (6): bainistíocht airgeadais na gCistí/ioncam a shannadh (Airt. 43) agus cuntais a imréiteach (Airt. 46-56)

31. Maidir le **hioncam a shannadh** (Airt. 43), rud a chumhdaíonn cistí CERT agus CETFT, is mór ag na toscaireachtaí an cur i láthair ón gCoimisiún ina léirítear an t-ioncam sannta i Rialachán reatha 1306/2013 agus in Airt. 43 den togra nua¹⁹.
32. Go ginearálta, tacaíonn na toscaireachtaí le **cur chuige beartaithe an iniúchta aonair** (Airt. 46), cé go gcreideann toscaireachtaí áirithe gur cheart go soiléireodh an bunghníomh na critéir agus na modhanna a d'úsáid an Coimisiún chun measúnú a dhéanamh ar iontaofacht na hoibre a rinne an CB.

¹⁹ WK 12019/2018

33. Tá na forálacha beartaithe maidir le **seiceálacha ag an gCoimisiún** (Airt. 47), **rochtain ar fhaisnéis** (Airt. 48) agus **rochtain ar dhoiciméid** (Airt. 49) mórán mar an gcéanna leis na cinn sa Rialachán atá ann faoi láthair. Ach tá na toscaireachtaí ag ceistiú cén fáth go bhfuil féidearthacht ann go fóill go ndéanfaidh an Coimisiún seiceálacha (ar an láthair) sa Bhallstát, cé go mbeidh cur chuige an iniúchta aonair i bhfeidhm. Tá na toscaireachtaí ag lorg soiléiriú breise chomh maith ar an bhfaisnéis a chuirfidh an Ballstát ar fáil do OLAF (Rialachán 2988/95); Tá toscaireachtaí áirithe ag moladh gur cheart an tagairt do OLAF in Airt. 50 (cumhachtaí an Choimisiúin) a scriosadh.
34. Maidir leis an **imréiteach airgeadais bliantúil** (Airt. 51), thug na toscaireachtaí dá n-aire nár athraigh an fhoráil seo mórán i gcomparáid leis an Rialachán atá ann faoi láthair.
35. Is gné mhór é an **t-imréiteach feidhmíochta bliantúil** (APC) nua (Airt. 52) i gcomhthéacs an imréitigh bhliantúil. Cuireann an tAirteagal sin an tsamhail seachadta nua san áireamh in éineacht leis na Pleananna Straitéiseacha CBT. Tá na toscaireachtaí fiosrach faoin gcaoi a mbaineann an tAirteagal seo le **hAirteagail chomhfhreagracha 38 agus 39** i gcomhthéacs an APC. Creideann roinnt toscaireachtaí gur gá na nósanna imeachta i dtreo laghdaithe trí imréiteach a shonrú tuilleadh. Ábhar mór buartha atá ag na toscaireachtaí ná an tionchar airgeadais a bheadh aige seo ar a mbuiséad náisiúnta mura bhfuil aschuir chomhfhreagracha in éineacht leis an gcaiteachas a dhearbhaítear agus/nó má theipeann ar Bhallstát dul chun cinn dóthanach i dtreo na spriocanna a léiriú, mar a leagtar amach iad sna Pleananna Straitéiseacha náisiúnta CBT. Ós rud é nach mbeidh dhá mhí ann chun údar maith a thabhairt don Choimisiún agus ós rud é nach mbeidh aon nós imeachta comhréireachta ann a thuilleadh, d'iarr roinnt toscaireachtaí go gcuirfí nós imeachta soiléir sa bhunghníomh (sprioc-amanna, modhanna ríofa srl.)
36. Maidir leis an **nós imeachta comhréireachta** (Airt. 53), tá roinnt toscaireachtaí buartha faoin téarma "*easnaimh thromchúiseacha*" i bhfeidhmiú na gcóras rialachais (Airt. 53.1)) ós rud é go bhféadfadh sé a bheith mar thoradh ar "*easnaimh thromchúiseacha*" dá leithéid go bhfágfaí méideanna amach as maoiniú an Aontais nó go gcuirfí ar fionraí iad agus/nó go ndéanfaí laghdú deiridh orthu. Dá bhrí sin, d'iarr na toscaireachtaí sainmhíniú soiléir ar an téarma sin sa bhunghníomh. Creideann na toscaireachtaí chomh maith gur chóir na modhanna ríofa a rialáil trí Ghníomh Cur Chun Feidhme seachas Gníomh Tarmligthe; mhínigh an Coimisiún go ndéantar sin i láthair na huaire trí Ghníomh Tarmligthe agus nach bhfuil aon athrú beartaithe ina leith sin.

37. Maidir leis na **forálacha a bhaineann go sonrach leis an CERT** (Airt. 54) **agus CETFT** (Airt. 45), thug na toscaireachtaí dá n-aire go bhfuil cur chuige an Choimisiúin mórán mar an gcéanna leis an Rialachán atá ann faoi láthair go fóill i.e. cuirtear aisghabhálacha a bhaineann le mírialtachtaí CERT le buiséad an Aontais Eorpaigh arís, fad is gur féidir na cinn siúd a bhaineann le CETFT a úsáid arís. Tá toscaireachtaí eile ag iarraidh go n-athúsáidfí aisghabhálacha le haghaidh CERT chomh maith. Thug na toscaireachtaí dá n-aire nach bhfuil na forálacha sa Rialachán Cothrománach atá ann faoi láthair (Airt. 54 de Rialachán 1306/2013) maidir le haisghabháil mar chuid den bhunghníomh a thuilleadh. Ach d'iarr siad go gcuirfí forálacha soiléire san áireamh le háirithiú, sa tréimhse airgeadais nua, go láimhseofar "seanchásanna aisghabhála" de réir na rialacha atá i bhfeidhm i láthair na huaire. Maidir le scríosadh na rialach 50/50, mar a thugtar uirthi, mhínigh an Coimisiún go bhfágann scríosadh na rialach sin nach mbeidh gá aige a thuilleadh le tuairisciú mionsonraithe ar mhórleabhar na bhféichiúnaithe agus nach mbeidh sé ag lorg go gníomhach aisíocaíocht méideanna nár aisghabhadh go fóill le buiséad an Aontais. Mhol roinnt toscaireachtaí chomh maith go gcuirfí riail *de minimis* sa bhunghníomh (d'fhonn fritháireamh agus aisghabháil ag an mBallstát ar fhiacha tairbhíthe atá gan íoc go fóill).

BLOC (7): córais rialaithe agus pionóis/rialacha ginearálta (Airt. 57-62) agus grinnscrúdú ar idirbhearta (Airt. 74-83)

38. Maidir le **leasanna airgeadais an Aontais a chosaint** (Airt. 57), tá toscaireachtaí áirithe ag moladh go scríosfaí mír 3 maidir le réamhchúraimí iomchuí a áirithíonn na pionóis a bheidh gearrtha ag an mBallstát ina n-iomláine, ach tá toscaireachtaí eile ag moladh go gcuirfí coincheap na hearráide follasaí le liosta na gcásanna nach mbeidh aon phionóis ag baint leo. Tá na toscaireachtaí ag iarraidh soiléiriú chomh maith ar an gciall atá le "gearáin" i mír 4; mhínigh an Coimisiún go bhfuil an téarma seo á úsáid i gcomhréir le hAirteagal reatha 74 de chuid Rialachán 1303/2013 agus go bhfuil sé sainmhínithe chomh maith in Airt. 63 den RFC beartaithe nua.
39. Thug na toscaireachtaí dá n-aire go bhfuil an chuma air gur fágadh solúbthacht sa bhreis faoin mBallstát maidir leis na **rialacha i ndáil le seiceálacha a dhéanfar** (Airt. 58).

40. Thug na toscaireachtaí dá n-aire go bhfuil na forálacha beartaithe seo a leanas cosúil leis na cinn sa Rialachán atá ann faoi láthair: **neamh-chomhlíonadh rialacha soláthair phoiblí** (Airt. 59), **clásal imchéimniúcháin** (Airt. 60), **comhoiriúnacht idirghabhálacha chun críocha seiceálacha in earnáil an fhíona** (Airt. 61), agus **urrúis** (Airt. 62). Ach tá toscaireachtaí áirithe ag beartú (forálacha áirithe den) chlásal imchéimniúcháin (Airt. 60) a scríosadh ós rud é go bhfuil sé réasúnta ginearálta agus go bhfuil castacht ag baint lena chur chun feidhme.
41. Maidir le **hidirbhearta a ghrinnscrúdú** (Airt. 74-83), thug na toscaireachtaí dá n-aire gur beag athrú atá déanta ar an Rialachán atá ann faoi láthair. Ach tá cuid mhór toscaireachtaí ag iarraidh go scríosfaí na forálacha sin, rudaí a bhí deartha go príomha chun iniúchadh a dhéanamh ar ghnóthais a bhí ag fáil aisíocaíochtaí onnmhairithe. Léirítear an staid mar atá sa chaoi go bhfuil sé á bheartú sa togra rialacháin lena leasófaí Rialachán Uimh. 1308/2013 go scríosfaí Airteagail 196-204 maidir le haisíocaíochtaí onnmhairithe (féach Aithris 26 ó COM (2018) 394 final chomh maith). Is gnách go gcreideann na toscaireachtaí go bhfuil cothabháil na socrúithe rialaithe bainistíochta as comhréir i gcomparáid leis na torthaí a bhfuiltear ag súil leo. Maidir leis an gCoimisiún, tá sé den tuairim go bhfuil gá leis na forálacha seo go fóill le haghaidh stóras poiblí agus príobháideach atá ann cheana, agus do chláir scoile.

BLOC (8): forálacha coiteanna/trédharcacht/sonraí pearsanta a chosaint (Airt. 96-99); gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme (Airt. 100-101); forálacha críochnaitheacha (Airt. 102-104)

42. Maidir le **foilsíú na faisnéise a bhaineann le tairbhíthe** (Airt. 96-98), tá buarthaí ar na toscaireachtaí faoin tagairt in Airt. 96(1) do Rialachán na bhForálacha Coiteanna (RFC) ós rud é go bhfuil Airt. 44, pointe 3 bainteach leis an CERT agus CETFT. D'aithin roinnt toscaireachtaí neamhréireachtaí idir an RFC agus an Rialachán beartaithe Cothrománach: déanann an RFC cur ar fáil do nuashonrú faisnéise gach trí mhí ar a laghad, fad is a dhéanann an Rialachán Cothrománach foráil d'fhoilsíú bliantúil sonraí. Dheimhnigh an Coimisiún go bhfuil sé i gceist sonraí a fhoilsíú go bliantúil; caithfear seo a shoiléiriú tuilleadh i dtéacs an Rialacháin.

43. Maidir le **sonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint** (Airt. 99), thug na toscaireachtaí dá n-aire go ndearnadh nuashonrú ar an bhforáil seo.
44. Maidir le **Gníomhartha Tarmligthe agus Gníomhartha Cur Chun Feidhme** (Airt. 100 & 101), d'iarr roinnt toscaireachtaí laghdú ar líon na nGníomhartha Tarmligthe beartaithe agus tuilleadh Gníomhartha Cur Chun Feidhme ina n-ionad.
45. I gcomhthéacs na bh**forálacha críochnaitheacha** (Airt. 102-104), d'iarr roinnt toscaireachtaí forálacha idirthréimhseacha agus solúbthacht ar mhaithe le dul in oiriúint do chreat agus do chlárthréimhse nua an CBT.

Córas comhtháite riaracháin agus rialaithe (CCRR) (Airt. 63-73) agus córas rialaithe agus pionóis maidir le coinníollacht (Airt. 84-87) (mar a scrúdaíodh sa Mheitheal fhreagrach ar Cheisteanna Cothrománacha Talmhaíochta ar an 19 Meán Fómhair)

46. Maidir leis an g**Córas Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe (CCRR)** (Airt. 63-73), agus cé go rabhthas sásta leis an gcoimhdeacht bhreise bheartaithe, táthar ag iarraidh soiléiriú faoi shainmhínithe áirithe (e.g. "a mhéid is gá", "dáileacht talmhaíochta", "córas gan éilimh"), maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart agus a mhéid ba cheart CCRR a chur i bhfeidhm ar an earnáil fíona agus maidir lena iomchuí atá sé gach foráil a bhaineann le CCRR a choinneáil i bhfianaise na coimhdeachta.
47. D'iarr na toscaireachtaí soiléiriú sa bhreis faoi **eilimintí an chórais chomhtháite** (Airt. 64) amhail an foirmliú, "más infheidhme", (Airt. 64) agus an cúnamh a d'fhógair an Coimisiún.
48. Maidir le **sonraí a choinneáil agus a roinnt** (Airt. 65), tá amhras ar na toscaireachtaí faoin oibleagáid bheartaithe ar an mBallstát na sonraí ar na haschuir bhliantúla a thuairiscítear i gcomhthéacs an imréitigh feidhmíochta bhliantúil a choinneáil ar feadh deich mbliana, fad a mheastar a bheith rófhada agus ina ualach rómhór, agus cáineadh an cur i bhfeidhm cúlghabhálach chomh maith.

49. Maidir leis an **gcóras aitheantais dáileachtaí talmhaíochta** (Airt. 66), tá gá le soiléiriú sa bhreis faoin gceanglas beartaithe go gcuimseodh an Córas Aitheantais Dáileachtaí Talún (CADT) eolas ábhartha do thuairisciú ar na táscairí de réir **Airt. 7** den Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha CBT.
50. Tá soiléiriú de dhíth chomh maith maidir le "córas gan éilimh" a fheidhmiú d'iarratais maidir le hidirghabhálacha atá ceantarbhunaithe agus ainmhí-bhunaithe san fhoráil lena bpléitear leis an **gcóras iarratas geo-spásúil agus ainmhí-bhunaithe** (Airt. 67).
51. Creideann na toscaireachtaí go méadódh an togra maidir le measúnú cáilíochta éigeantach bliantúil ar GSAA agus **córas faireacháin limistéir** (Airt. 68) an t-ualach riaracháin agus gur cheart athmhachnamh a dhéanamh air dá bharr sin. Thairis sin, an sprioc-am ar an 15 Feabhra do sheoladh isteach na tuarascála measúnaithe, rud atá ródhian (**Airt. 66-68**), ba cheart é a athbhreithniú chomh maith. Chuir na toscaireachtaí a mbuairt in iúl faoin gcóras faireacháin maidir le coinníollacha cáilitheachta do bhearta comhshaoil-aeráide agus dáileachtaí beaga. Ba cheart cur i bhfeidhm deonach agus idirthréimhse a mheas. Anuas air sin, caithfear spriocdhíriú an Choimisiúin maidir leis an gcóras faireacháin limistéir a shoiléiriú.
52. Go ginearálta, is díol sásaimh do na toscaireachtaí an choimhdeacht bheartaithe maidir leis an **gcóras rialaithe agus pionós** (Airt. 70), cé gur leag toscaireachtaí áirithe béim ar an ngá atá le comhordú áirithe ó thaobh cur chun feidhme ag an mBallstát d'fhonn a áirithiú go bhfuil cothrom na Féinne i gceist ar fud an Aontais.
53. Ba cheart cumhachtaí nua ar bith a thabharfaí don Choimisiún glacadh le **Gníomhartha Tarmligthe nó Cur Chun Feidhme** (Airt. 72 agus 73) a theorannú go docht, dar leis na toscaireachtaí.
54. Maidir leis an **gcóras rialaithe agus pionóis maidir le coinníollacht** (Airt. 84-87), tá eagla ar na toscaireachtaí go méadófaí go mór ar an ualach riaracháin ar na feirmeoirí a bheadh i gceist agus ar na húdaráis náisiúnta dá gcuirfí coinníollacht i bhfeidhm ar fheirmeoirí beaga; dá bhrí sin, ba cheart go leanfadh feirmeoirí beaga de bheith díolmhaithe ó choinníollacht agus creideann roinnt toscaireachtaí gur cheart foráil a dhéanamh dó seo sa bhunghníomh in áit an Phlean Straitéisigh náisiúnta CBT. Tá gá le soiléiriú ar scóip, feidhmiú agus cuspóir na hoibleagáide beartaithe nua a bheidh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a gcóras rialaithe uair sa bhliain.

55. Maidir leis an **gcóras rialaithe coinníollachta** (Airt. 84), ní mór do thoscaireachtaí tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar íosráta an tsampla rialaithe agus ar an ngá atá leis an sampla rialaithe a bhunú ar anailís riosca.
56. Maidir leis an **gcóras pionóis riaracháin do choinníollacht** (Airt. 85), i gcás rogha an Bhallstáit, tá amhras ar na toscaireachtaí gur féidir critéar intinniúlachta a úsáid chun pionóis a ríomh.
57. Maidir leis an **bpionós a ríomh** (Airt. 86) agus in áit céatadán laghdaithe ghinearálta (3%), b'fhearr leis na toscaireachtaí go mbeadh níos mó solúbthachta i gceist nuair a bhítear ag ríomh laghduithe íocaíochta i gcásanna de neamh-chomhlíonadh mar gheall ar fhaillí. Cé go bhféadfadh córas luathrabhaidh cabhrú le dul i ngleic le cásanna aonair de mhion-neamh-chomhlíonadh a tharlaíonn den chéad uair, caithfear athmhachnamh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm cúlghabhálach na laghduithe. Ba cheart go dtabharfadh ríomh na bpionós i gcásanna d'atarlú neamh-chomhlíonta neamhaird ar chásanna taobh amuigh de thréimhse an Phlean Straitéisigh CBT atá i gceist. Creideann na toscaireachtaí gur cheart na príomheilimintí a leagan síos sa bhunghníomh agus gur cheart cumhachtaí ar bith don Choimisiún glacadh le gníomhartha tarmligthe a theorannú go soiléir.
58. Maidir leis na **méideanna mar thoradh ar na pionóis riaracháin i ndáil le coinníollacht** (Airt. 87), tá toscaireachtaí áirithe ag iarraidh go leanfaí de 25% de na laghduithe a chuirtear i bhfeidhm i gcásanna de neamh-chomhlíonadh a choinneáil, ach tá toscaireachtaí eile ag moladh go gcoinneofaí 100% de na laghduithe i gcásanna de neamh-chomhlíonadh agus go n-athúsáidfí iad le haghaidh idirghabhálacha atá chun tairbhe cuspóirí aeráide agus comhshaoil.
-